An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí

An Chigireacht

Eanáir 2024

## RÉAMHRÁ

Baineann an deimhniú ar thimpeallacht slán agus sábháilte do leanaí i scoileanna agus i suíomhanna oideachais go lárnach leis an uile dhuine a thacaíonn le forbairt leanaí. Tuigeann an Roinn Oideachais go bhfuil cultúr láidir um chosaint leanaí in ár scoileanna agus go nglacann scoileanna go han-dáiríre lena gcuid dualgas do chosaint agus leas leanaí. Tuigtear freisin an fhreagracht chomhroinnte a bhaineann le cosaint leanaí i measc tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí scoile, iad siúd atá gafa le bainistíocht scoileanna agus pátrúin scoileanna, mar aon leo siúd a bhíonn ag obair i ngníomhaireachtaí agus i Ranna eile a thacaíonn le scoileanna agus le socruithe do chosaint leanaí. Tá ról maoirseachta tábhachtach ag an Roinn Oideachais lena dheimhniú go mbíonn fáil ar an gcúram agus ar an gcosaint ardcháilíochta is fearr dár leanaí in ár scoileanna.

Tá ról maoirseachta tábhachtach ag an Roinn Oideachais lena dheimhniú go bhfaigheann ár leanaí uile an cúram agus an chosaint ardcháilíochta is fearr in ár scoileanna. Mar chuid de ról maoirseachta agus dearbhú cáilíochta na Roinne, iarradh ar an gCigireacht samhail don Chigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL) a fhorbairt agus a fheidhmiú. Tá fócas ar leith ag samhail na CCCL ar fheidhmiú na *Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*.

Tugann an Treoir cuntas ar an tslí ina ndéanaimid Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i mbunscoileanna, iarbhunscoileanna, i lárionaid oideachais[1] agus i suíomhanna foghlama eile in Éirinn agus beidh éifeacht leo do chigireachtaí a thosaíonn ar nó tar-éis an 21 Deireadh Fómhair 2020. Rinneadh an Treoir seo a fhorbairt i bhfianaise ár dtaithí i scoileanna and agus i gcomhairle leis na páirtnéirí oideachais mar is gá faoi Alt 13(8) den *Acht Oideachais 1998*.

Déantar cigireachtaí Cigireachtaí un Chosaint agus Chumhdach Leanaí i gcomhréir le halt 7(2)(b) agus alt 13(3)(a)(i) den Acht Oideachais 1998 agus an g*Cód Cleachtais don Chigireacht* (An Roinn Oideachais 2015) atá ar fáil ag www.gov.ie. Le linn cigireachta, beidh sé de dhualgas ar bhord bainistíochta agus a fhoireann "gach saoráid agus gach comhoibriú réasúnach" a sholáthar (alt 13(7), *An tAcht Oideachais 1998*).

## COMHTHÉACS

Faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* , caithfidh an Chigireacht monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíontacht scoileanna leis an Nósanna Imeachta (athbhreithnithe 2023). Tá obair mhonatóireachta na Cigireachta ina leith seo ar cheann de raon beart don dearbhú cáilíochta agus don mhaoirsiú lena dheimhniú go mbíonn scoileanna agus a bhfoirne ag feidhmiú i gcomhlíontacht leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*.

Cuireann na Nosanna Imeachta (athbhreithnithe 2023) treoir agus comhairle ar fáil d'údaráis scoileanna agus do phearsana scoileanna maidir leis na dualgais reachtúla nua atá orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a shásamh agus maidir le feidhmiú leanúnach a gcuid dualgas reachtúla nua, faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus maidir le feidhmiú leanúnach na treorach barrchleachtais, neamh-reachtúil mar atá i *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017*.

[1] Ar fud na treorach seo, baintear úsáid as an téarma 'scoil' chun tagairt do scoileanna, lárionaid oideachais agus suíomhanna foghlama eile. Clúdaíonn an téarma 'príomhoide' comhordaitheoirí lárionad.

Tá dualgais reachtúla áirithe leagtha ag an *Acht um Chosaint Leanaí 2015* ar gach scoil agus ar gach múinteoir cláraithe, a dtagraítear dóibh mar dhaoine faoi shainordú san Acht. Is gá do dhaoine faoi shainordú a n-ábhair imní a thuairisciú go díreach chuig Tusla faoi mhí-úsáid leanaí atá ag, nó os cionn, tairseach dochair. Tá gach cuid den *Acht um Chosaint Leanaí 2015* i bhfeidhm ó 11 Nollaig 2017.

Déanann *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* cur síos ar na dualgais reachtúla nua a bhaineann le daoine sainordaithe agus na dualgais reachtúla a bhaineann le heagraíochtaí ar nós scoileanna faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*. Leagann *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* amach freisin an barrchleachtas agus na dualgais neamhreachtúla atá i bhfeidhm do gach duine aonair, múinteoirí san áireamh, agus do gach earnáil den tsochaí. Feidhmíonn na dualgais reachtúla faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015* taobh le taobh leis na dualgais barrchleachtais, neamhreachtúla.

Tá an tsamhail don Chigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL) ar cheann amháin de na bearta maoirseachta seo.

## AIDHMEANNA NA CIGIREACHTAÍ UM CHOSAINT AGUS CHUMHDACH LEANAÍ (CCCL)

Is iad aidhmeanna na cigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí ná:

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* i sampla scoileanna go bliantúil
- Tuairiscí scríofa a fhoilsiú ar fheidhmiú na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* sa sampla scoileanna ar a ndearnadh cigireacht.
- Tuairisciú don Rannóg Scoileanna agus do Ghrúpa Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí (CPOG/CMCL) na Roinne Oideachais ar a mhéid agus atá na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* curtha i bhfeidhm sa sampla scoileanna ar a ndearnadh cigireacht.
- Eolas a bhailiú mar bhonn don fhorbairt ar riachtanais um chosaint agus chumhdach leanaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus aon ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile atá gafa le cosaint leanaí

## NÓSANNA IMEACHTA DO CHIGIREACHTAÍ UM CHOSAINT AGUS CHUMHDACH LEANAÍ

Bíonn Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL) bunaithe ar chreat cigireachta ina bhfuil na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* mar bhonn eolais. Go sonrach, bíonn deich gcinn de sheiceálacha uileghabhálacha sna cigireachtaí, agus roinnt fo-sheiceálacha ag gabhail le gach ceann acu. Tá an creat cigireachta, is é sin, na deich gcinn de sheiceálacha, ar fáil in Aguisín 1 den Treoir seo.

- Tá sé i gceist le cigireachtaí CCCL freisin go ndéanfar barrchleachtas a chothú sa cheannaireacht scoile maidir le cosaint leanaí. Le linn na gcigireachtaí seo, bíonn cigirí ag plé leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) nó leis an Leas-DIA, le cathaoirelach an bhoird bhainistíochta, agus le sampla de phearsana na scoile.
- Baineann cigireachtaí CCCL freisin leis na cigirí a bheith i gcumarsáid le foghlaimeoirí bunscoile faoina bhfoghlaim san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Bí Sábháilte, agus le foghlaimeoirí iar-bhunscoile faoina bhfoghlaim in OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).
- Déanann cigireachtaí CCCL iarracht tuairimí na dtuismitheoirí a éileamh freisin maidir le

atmaisféar na scoile, ar na cumarsáidí faoi pholasaithe agus nósanna imeachta um chosaint leanaí, foghlaim a leanaí san OSPS, agus ar an eolas atá acu maidir leis an duine lenar chóir dóibh dul i dteagmháil má bhíonn ábhar imní acu faoi chosaint leanaí.
- Tá dhá chigireacht i gceist leis an bpróiseas cigireachta CCCL: an Chigireacht Thosaigh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí agus an Chigireacht Dheiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí. Mar ghnáthnós tarlóidh an dá chigireacht sa scoil gar go leor dá chéile ó thaobh ama. Leanann an dá chigireacht na nósanna imeachta mar atá sa Treoir seo.
- Foilsítear an Chigireacht Thosaigh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí agus an Chigireacht Dheiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí ag an am céanna ar láithreán gréasáin gov.ie.
- Go hiondúil déantar Cigireachtaí um Chosaint agus um Chumhdach Leanaí in Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta (CCCLSC) i gcomhar le CCCL sa scoil aitheanta a bhaineann leis an áis chónaithe. Áirítear leo, cigireacht ar shaoráidí cónaithe na scoile, bainistiú na saoraidí cónaithe sin agus na socruithe sna saoráidí sin chun comhlíonadh na *Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí le haghaidh Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023* a chinntiú.

## PRÍOMH TRÉITHE NA CIGIREACHTAÍ UM CHOSAINT AGUS CHUMHDACH LEANAÍ

### Cén réamhfhógra a thugtar do CCCL?

De ghnáth tugtar réamhfhógra idir ceithre huaire is fiche agus ocht n-uaire an chloig is daichead do Chigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí. Tugtar an réamhfhógra ar an nguthán don phríomhoide nó don bhall foirne is sinsearaí den fhoireann teagaisc atá ar fáil. Déanann an Chigireachtaí Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL) gan réamhfhógra i sampla scoileanna.

### Cad is gá don scoil a dhéanamh sula dtarlaíonn an chigireacht?

Sula dtarlaíonn an CCCL, beidh gá le cúnamh an phríomhoide maidir le:
- Litir ón gCigireacht a dháileadh ar thuismitheoirí ag insint dóibh faoin gcigireacht atá le tarlú agus ag tabhairt cuiridh dóibh suirbhé tuismitheora ar líne a chomhlánú mar chuid den Chigireacht Thosaigh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí
- Socruithe praiticiúla a dhéanamh do chruinnithe, lena n-áirítear an fáil a bheidh ar an gcathaoirleach agus ar an mbord a sheiceáil
- A dheimhniú go mbíonn na dociméid ábhartha ar fáil don chigireacht
- Foirm Féin-Tuairisciú ar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar ball foirne a chomhlánú

### Cén fad a thógann CCCL?

Glacann an chigireacht suas le dhá lá, agus d'fhéadfadh gur laethanta leanúnacha nó neamh-leanúnacha a bheadh i gceist. Mar ghnáthnós déanann beirt chigire an chigireacht a laimhseáil.

### Cad a tharlóidh le linn CCCL?

- Le linn cigireacht déanfaidh cigirí:
    - Cumarsáid le foghlaimeoirí i mbunscoileanna faoina bhfoghlaim san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus le *Bí Sábháilte* agus le foghlaimeoirí in iar- bhuscoileanna[2] faoina bhfoghlaim san OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Gheofar cead i scríbhinn ó thuismitheoirí agus ó fhoghlaimeoirí iar-

[2] Má bhíonn comhairle mac léinn ag an scoil, cuirfear oifigigh ón gcomhairle mac léinn san áireamh i sampla na bhfoghlaimeoirí

bhunscoile sula nglacann foghlaimeoirí páirt i bhfócasghrúpaí leis na cigirí[3]

- Cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí mar chuid den Chigireacht Thosaigh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí suirbhé ar líne a chomhlánú a fhiosraíonn gnéithe maidir le hatmaisféar na scoile agus feasacht tuismitheoirí ar nósanna imeachta um chosaint leanaí na scoile mar aon le nósanna imeachta frithbhulaíochta na scoile, a fhiosrú
- Cruinnithe a thionól le:
  - Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) / Leas DIA na scoile
  - Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta
  - Sampla de phearsana na scoile
  - Comhordaitheoir an OSPS
  - Baill de chumann tuismitheoirí na scoile (sa Chigireacht Dheiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí)
- Athbhreithniú ar na doiciméid seo a leanas:
  - Míontuairiscí ó chruinnithe an bhoird bhainistíochta
  - An ráiteas maidir le cumhdach leanaí agus measúnacht riosca
  - Pleananna scoile ábhartha, cuntais mhíosúla (bunleibhéal) agus sonraí amchláir (iar- bhunleibhéal)
  - Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI) TF na Scoile[4]
- Athbhreithniú ar na taifid ar chosaint leanaí

## Athbhreithniú ar doiciméid agus ar taifid

- Ní gá do scoileanna aon doiciméid nua a chruthú ar mhaithe le Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí.
- Mar chuid den athbhreithniú ar thaifid um chosaint leanaí, déanfaidh cigirí na comhaid um chosaint leanaí a athbhreithniú. Áireofar, i measc na ndoiciméad a athbhreithneofar, taifid maidir le h-ábhair imní faoi chosaint leanaí (comhaid faoi chásanna san áireamh), na nochtaithe a rinneadh agus na gníomhaíochtaí a tharla, taifid ar ábhair imní a cuireadh faoi bhráid an Duine Idirchaidrimh Aitheanta (DIA), taifid ar na teagmhálacha le Tusla agus taifid ar an gcomhairle a thug Tusla.
- Is é an cuspóir a bhaineann leis an athbhreithniú ar na comhaid um chosaint leanaí ná lena fháil amach ar leanadh na nósanna imeachta cearta maidir le clárú agus tuairisciú ar an ábhar imní faoi chosaint leanaí.
- Ní thógann cigirí aon chomhaid, aon taifid ná aon doiciméid eile amach as an scoil; ní dhéanann siad cóip d'aon chuid de chomhad ná de thaifead; agus ní chláraíonn na cigirí aon sonraí pearsanta a bhaineann le duine ar bith atá luaite i gcomhad.
- Cruthaíonn an creat ginearálta don reachtaíocht ar chosaint leanaí, agus na dualgais agus na hoibleagáidí a chuireann sé seo i bhfeidhm, mar aon le feidhmeanna reachtúla réamhbheitheach na Cigireachta faoi ailt 7(b) agus 13(8) den Acht Oideachais 1998 bonn dlithiúil do chigirí chun cóid cháis ar chosaint leanaí aonair a rochtain agus a athbhreithniú.

## Cathain a chuirfear aiseolas faoin gcigreacht ar fáil don scoil?

Ag deireadh na Cigireachta un Chosaint agus Chumhdach Leanaí tarlóidh cruinniú aiseolais

[3] I scoileanna speisialta agus sna scoileanna sin nach bhfreastalaíonn ar dhaltaí ach go dtí rang a dó b'fhéidir go n-iarrfaidh an cigire ar an múinteoir a bheith gafa leis na foghlaimeoirí faoi líon topaicí OSPS/OCG in ionad an chruinniú fócasghrúpa leis na foghlaimeoirí

[4] Pléifidh an cigire leis an bpríomhoide an leagann PUI na scoile amach cur chuige na scoile maidir le foghlaim ó bhaile nó cianfhoghlaim agus conas a chuirtear an cur chuige seo in iúl do thuismitheoirí.

idir na cigirí agus an príomhoide. Tabharfar cuireadh don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe a bheith i láthair ag an gcruinniú seo freisin, i scoileanna nach é/í an príomhoide. Ag an gcruinniú seo pléifidh an cigire torthaí na cigireachta agus beidh deis ag an scoil freagairt do na torthaí sin. Go gairid i ndiaidh na cigireachta gheobhaidh an scoil dréacht-thuairisc chigireachta mar aon leis an anailís a bhíonn déanta ar shonraí an t-suirbhé tuismitheora.

## FORLÉARGAS AR NA GNÍOMHAIOCHTAÍ CIGIREACHTA: CCCL

| | | |
|---|---|---|
| **SULA dTARLAÍONN CUAIRT NA CIGIREACHTA** | Gníomhaíocht na Cigireachta | Fógra idir ceithre huaire is fichead agus ocht n-uaire is daichead a thabhairt faoin gcigireacht ar an nguthán<br>Litir tuismitheora a chur ar aghaidh ag tabhairt eolais do thuismitheoirí faoin gcigireacht, ag lorg cead uathu le go nglacfaidh a bpáistí páirt sa ghrúp-plé le foghlaimeoirí agus ag tabhairt cuireadh dóibh chun an suirbhé tuismitheoirí ar líne a chomhlánú<br>Eolas a thabhairt ar na doiciméid a bheidh ag teastáil don chigireacht agus na cruinnithe a thionólfar le linn na cigireachta<br>An fhoirm don Fhéin-Tuairisciú Seiceála a chur chuig an scoil |
| | Gníomhaíocht na Scoile | An fhoirm don Fhéin-Tuairisciú Seiceála a chomhlánú agus a shíniú<br>An litir le cuireadh chun ceistneoir ar líne a chomhlánú a dháileadh ar gach tuismitheoirí (an **Chigireacht Thosaigh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí)**<br>A dheimhniú go mbíonn gach doiciméad is gá ar fáil don chigireacht<br>Na socruithe praiticiúla is gá a dhéanamh do na cruinnithe |
| **I RITH CUAIRT NA CIGIREACHTA** | Gníomhaíocht na Cigireachta | Liostaí na ranganna agus liosta phearsana na scoile a fháil ón bpríomhoide |
| | | Athbhreithniú:<br>○ Na taifid ar chosaint leanaí<br>○ Miontuairiscí chruinnithe an bhoird bhainistíochta<br>○ Ráiteas um chumhdach leanaí, measúnú riosca san áireamh<br>○ Plean scoile don OSPS agus *Bí Sabháilte* (Bunscoileanna) agus plean scoile OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (Iar-Bhunscoileanna)<br>○ Amchlár na scoile (iar-bhunscoileanna) agus sampla d’amchláir múinteoirí aonair (iar-bhunscoileanna)<br>Sampla de thaifead na gcuntas míosúla (bunscoileanna) |
| | | Cruinnithe a thionól le:<br>○ Sampla de phearsana na scoile<br>○ An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe<br>○ An Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe<br>○ Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, má bhíonn fáil air/uirthi agus ionadaithe eile ón mbord<br>○ Grúpa foghlaimeoirí foghlaimeoirí<br>○ An comhordaitheoir OSPS/OCG (má tá a leithéid sa scoil) agus/nó an príomhoide<br>○ Ionadaithe ó chomhlachas na dtuismitheoirí (an **Chigireacht Dheiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí)** |
| | | Aiseolas ó bhéal a sholáthar don phríomhoide agus don DIA (i gcásanna nuair nach ionann an DIA agus an príomhoide) |

| | | |
|---|---|---|
| | Gníomhaíocht na Cigireachta | Liostaí na ranganna agus liosta phearsana na scoile a fháil ón bpríomhoide |
| I nDIAIDH CUAIRT NA CIGIREACHTA | Gníomhaíocht na Cigireachta | Cuirtear sonraí an t-suirbhé ar aghaidh chuig an scoil<br>Eisítear dréacht-thuairisc do dhearbhú fíricí agus do fhreagairt na scoile<br>Foilsítear an tuairisc dheiridh ar láithreán gréasáin na Roinne gov.ie |
| | Gníomhaíocht na Scoile | Freagairt ar dhearbhú fíricí agus freagairt na scoile, de réir mar is gá |

## CREAT NA MEASTÓIREACHTA

Tá an creat meastóireachta do na Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí bunaithe ar na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* . Tá sé i gceist go ndeimhneodh na nósanna imeachta seo go gcuireann scoileanna timpeallacht shlán agus shábháilte ar fáil do leanaí agus, mar thoradh ar churaclaim cuí a sholáthar, go bhfreastalaíonn said ar fhorbairt incriminteach na scileanna saoil a chuirfidh ar chumas daltaí iad féin a choimeád slán.

**Tá deich gcinn de phríomhsheiceálacha sa chreat meastóireachta bunaithe ar na Nósanna Imeachta (athbhreithnithe 2023).**

Baineann na príomhsheiceálacha leis na riachtanais maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a ullmhú agus dul i dteangmháil le baill phobal na scoile faoi ghnóthaí bainteach le cosaint leanaí i gcoitinne agus faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí ach go háirithe. Clúdaíonn siad seiceálacha freisin ar an eolas agus an oiliúint ábhartha atá á sholáthar do phearsana na scoile agus do bhaill den bhord bhainistíochta maidir le cosaint leanaí; feasacht an bhoird ar na hoibligeáid atá air maidir le seiceáil an Gharda; tuairisciú don bhord bainistíochta faoi chosaint leanaí; agus roinnt dualgas faoi thuairisciú agus taifid a choinneáil ar ghnóthaí a bhaineann le cosaint leanaí. Clúdaítear sna seiceálacha freisin na gnéithe sainordaithe den churaclam a bhfuil sé mar chuspóir acu eolas, scileanna, dearcthaí agus iompraíochtaí daltaí a fheabhsú leis an Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) in iar-bhunscoileanna agus leis an OSPS agus *Bí Sábháilte* i mbunscoileanna.

**Tá na deich seiceálacha uileghabhálach roinnte arís i roinnt fosheiceálacha.**

Is éard atá sna fosheiceálacha seo ná na sainghníomhaíochtaí ar gá do scoileanna tabhairt fúthu ionas gur féidir leo a bheith lán-chomhlíontach leis an bpríomhsheiceáil. Cuireann na fosheiceálacha a bhaineann le gach príomhsheiceáil ar chumas an chigire teacht ar bhreithmheas maidir lena mhéid agus atá an scoil i gcomhlíontacht leis an bpríomhsheiceáil.

Tá an creat Cigireachta do Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí iomlán foilsithe in Aguisín a haon.

## NA BREITHMHEASANNA A DHÉANANN CIGIRÍ LE LINN CCCL

Bunaithe ar iniúchadh ar an bhfianaise a bhíonn ar fáil do gach ceann de na fosheiceálacha sa chreat, tagann cigirí ar bhreithiúnas maidir le méid comhlíontachta na scoile le gach ceann de na príomhsheiceálacha sa chreat. Baineann cigirí úsáid as an scála seo a leanas chun cur síos a dhéanamh ar leibhéal comhlíontachta na scoile:

- *Lán-chomhlíontach*
- *An-chomhlíontach*
- *Páirt-chomhlíontach*
- *Neamh-chomhlíontach*

Nuair a bhíonn breithmheas á dhéanamh ar an gcáilíocht pleanála agus feidhmithe don churaclam OSPS agus don Chlár *Bí Sábháilte* i mbunscoileanna agus an curaclam OSPS agus an clár OCG in iar- bhunscoileanna, déanfaidh cigirí tagairt don leibhéal cáilíochta ábhartha ar Chontanam Cáilíochta na Cigireachta:

- *Ar fheabhas*
- *An-mhaith*
- *Maith*
- *Teastaíonn feabhas chun caighdeán maith a bhaint amach*
- *Teastaíonn feabhas suntasach chun caighdeán maith a bhaint amach*

## TUAIRISCIÚ

Foilseófar dhá thuairisc: **Cigireacht Thosaigh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí** agus **Cigireacht Dheiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí**. Cuirfidh na cigireachtaí in iúl a mhéid agus a bhí an scoil i gcomhlíontacht le gach ceann de na deich seiceálacha uileghabhálacha.

Má bhíonn scoil níos lú ná lán-chomhlíontach le riachtanas ar leith, beidh ráiteas meastóireachta breise sa tuairisc faoin tseiceáil. Déantar, freisin, gníomhaíochtaí a mholadh don scoil a ba chóir a dhéanamh don chomhlíontacht níos iomláine leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* .

Bíonn ráiteas meastóireachta i ngach ceann den da thuairisc freisin ar phleanáil na scoile agus ar fhorfheidhmiú na ngnéithe sainordaithe den churaclam, is iad siúd an tOideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus an clár *Bí Sábháilte* i mbunscoileanna agus an OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) in iar-bhunscoileanna.

Foilseofar an **Chigireacht Thosaigh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí** agus an **Chigireacht Dheiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí** de réir na d*Treoirlínte um Fhoilsiú Tuairiscí Cigireachta Scoile* (Meán Fómhair 2015). Ciallaíonn sé seo:

- Go mbeidh deis ag an scoil gach dréacht thuairisc a dhearbhú maidir le fíricí. Beidh cúig lá oibre ag an scoil chun aon earráidí fíriciúla sa tuairisc a chur faoi bhráid na Cigireachta sula ndéantar é a chríochnú.
- Go ndéanfar gach tuairisc dheiridh a atheisiúint chuig an scoil agus go mbeidh 10 lá oibre ag an scoil chun freagairt a thabhairt ar an tuairisc. Mar ghnáthnós, foilseofar an tuairisc de réir na d*Treoirlínte um Fhoilsiú Tuairiscí Cigireachta Scoile*. Deis thábhachtach don scoil a bhíonn sa chéim Freagairt Scoile chun a thabhairt le fios conas mar a rachfar i ngleic le haon ghníomhaíochtaí a mholtar sa tuairisc chigireachta CCCL.
- Foilseofar na tuairiscí deiridh agus freagairtí na scoile ar gach ceann acu ar láithreán gréasáin gov.ie ag an am céanna.

## LEANTACHT AR NEAMH-CHOMHLÍONTACHT

I gcomhréir le nósanna imeachta na Cigireachta maidir le neamh-chomhlíontacht leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí, leanfaidh an Chigireacht leis an dteagmháil le scoil nach bhfuil i gcomhlíontacht le gnéithe a seiceáladh le linn Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí go dtí go mbíonn an scoil lán-chomhlíontach.

De ghnáth, leanfaidh an Chigireacht neamh-chomhlíontacht a bhíonn tugtha faoi deara le linn Cigireachta Tosaigh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí le linn na Cigireachta Deiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí.

Bainfidh an Chigireacht úsáid as raon gníomhaíochtaí chun an neamh-chomhlíontacht a tugadh faoi deara a leanúint sa Chigireacht Dheiridh um chosaint agus Chumhdach Leanaí ag brath ar nádúr na neamh-chomhlíontachta. D’fhéadfadh go mbeadh tuilleadh Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí mar chuid de na gníomhaíochtaí seo.

## ACMHAINNÍ CHUN TACÚ LE SCOILEANNA

Tá roinnt doiciméid agus teimpléid tacaíochta ar fáil do scoileanna lena n-úsáid chun na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) a chur i bhfeidhm.

Is féidir leat teacht ar na doiciméid agus teimpléid seo ar shuíomh idirlíona na roinne (www.gov.ie) nó anseo.

Tá trí theimpléad éigeantachta ann. Le bheith lán chomhlíontach lena Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, **caithfidh** scoileanna iad seo a úsáid:

| | |
|---|---|
| Teimpléad maidir le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí leis an measúnú riosca san áireamh | Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí. |
| | Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí |

Tá sé theimpléad roghnacha ann. Is féidir le scoileanna iad seo a úsáid, **mas mian leo**:

| | |
|---|---|
| Taifead de conas a tháinig an líomhain agus/nó an t- ábhar imní chun feasa an Teagmhálaí Ainmnithe agus taifead ar ghlao gutháin an Teagmhálaí Ainmnithe ag lorg comhairle ar Tusla *(Ailt 5.1.1 agus 5.3.3)* | Ráiteas teimpléid ón Teagmhálaí Ainmnithe le duine de bhall foirne phearsanra na scoile maidir leis na fáthanna nach ndearnadh tuarascáil do Tusla *(Alt 5.3.8 de na Nósanna Imeachta)* |
| Teimpléad d'fhógra scríofa ón Teagmhálaí Ainmnithe chuig tuismitheoir ag cur in iúl do thuismitheoir/ cúramóir go bhfuil tuairisc á déanamh maidir lena leanbh *(Alt 5.3.6 de na Nósanna Imeachta)* | Teimpléad d'fhógra i scríbhinn ón Teagmhálaí Ainmnithe chuig tuismitheoir i gcás inar thóg tuismitheoir ábhar imní maidir le cosaint leanaí i gcoinne dhuine de bhaill foirne na scoile *(Alt 5.6.2 de na Nósanna Imeachta)* |
| Teimpléad de Sheicliosta chun Tuarascáil Maoirseachta ar Chosaint Leanaí an Phríomhoide a ullmhú | Teimpléad chun doiciméid a thaifeadadh arna soláthar don Bhord Bainistíochta mar chuid den Tuarascáil Maoirseachta ar Chosaint Leanaí an Phríomhoide |

Ina theannta sin, tá roinnt doiciméad tacaíochta arna bhforbairt ag an Roinn a bhféadfadh scoileanna tagairt a dhéanamh dóibh:

| | |
|---|---|
| Seicliosta Cháschomhad maidir le Cosaint Leanaí | Nóta treorach maidir le cóid uathúla nó sraithuimhreacha a úsáid |
| Seicliosta Cumarsáide – Ráiteas um Chosaint Leanaí *(Ailt 8.11 agus 8.13.6 de na Nósanna Imeachta)* | Ceisteanna Coitianta maidir le Tuarascáil an Phríomhoide um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí |

| | |
|---|---|
| Nóta Treorach ar mhaoirseacht an bhoird ar chásanna cosanta leanaí a thaifeadadh ina chuid<br>miontuairiscí | |

**Teagmháil**

Ba cheart ceisteanna ginearálta maidir leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* a sheoladh chuig an Roinn ag childprotection@education.gov.ie

## CONCLÚID

Tá an Treoir seo curtha le chéile agus eisithe i gcomhréir le hAlt 13(8) den Acht Oideachais 1998. Tá an Chigireacht tiomanta don athbhreithniú, ó am go ham, ar fheidhmiú na samhla um Chosaint agus Chumhdach Leanaí tar éis dul i gcomhairle le páirtneirí an oideachais. Beidh an leagan is nuashonraithe den Treoir ar fáil ar láithreán gréasáin na RO anseo.

## AGUISÍN 1: CREAT DON CHIGIREACHT UM CHOSAINT AGUS CHUMHDACH LEANAÍ

Tá an creat meastóireachta do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí bunaithe ar na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*. Baineann na príomhsheiceálacha leis na riachtanais maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a ullmhú agus dul i dteangmháil le baill phobal na scoile faoi ghnóthaí bainteach le cosaint leanaí i gcoitinne agus faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí ach go háirithe. Clúdaíonn siad seiceálacha freisin ar an eolas agus an oiliúint ábhartha atá á sholáthar do phearsana na scoile agus do bhaill den bhord bhainistíochta maidir le cosaint leanaí; feasacht an bhoird ar na hoibligeáid atá air maidir le seiceáil an Gharda; tuairisciú don bhord bainistíochta faoi chosaint leanaí; agus roinnt dualgas faoi thuairisciú agus taifid a choinneáil ar ghnóthaí a bhaineann le cosaint leanaí. Clúdaítear sna seiceálacha freisin na gnéithe sainordaithe den churaclam a bhfuil sé mar chuspóir acu eolas, scileanna, dearcthaí agus iompraíochtaí daltaí a fheabhsú leis an Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) in iar-bhunscoileanna agus leis an OSPS agus Bí Sábháilte i mbunscoileanna. Is iad seo a leanas na seiceálacha:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá an scoil tar éis na gnéithe is gá de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* a chur in iúl do na páirtithe leasmhara ábhartha. | 6 | Rinneadh na miontuairiscí ó chruinnithe an bhoird[5] a sheiceáil agus bhí taifead iontu ar an maoirsiú ar chosaint leanaí a bhí de réir riachtanas na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).* |
| 2 | Ceapadh Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Leas-DIA de réir riachtanas na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).* | 7 | Fuarthas nósanna imeachta cuí maidir le comhaid a choimeád sna cásanna um chosaint leanaí a scrúdaíodh. |
| 3 | Tuairiscíonn an bord bainistíochta go dtuigeann sé, agus go gcomhlíonann sé, a chuid dualgas maidir le heolas ar chosaint leanaí a sholáthar do bhaill d'fhoireann na scoile uile agus go gcinntíonn sé go gcuirtear oiliúint, de réir mar is gá, ar roinnt nó ar gach ball foirne sa scoil. | 8 | Cuireadh na nósanna imeachta maidir le ábhair imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú i bhfeidhm go hiomlán sna taifid a scrúdaíodh |
| 4 | Tuairiscíonn an bord bainistíochta[6] go dtuigeann sé a chuid dualgas maidir le pearsanra[7] na scoile a sheiceáil agus go bhfuil na dualgais seo á gcomhlíonadh. | 9 | Cuireadh na nósanna imeachta maidir le líomhaintí drochúsáide nó hamhras faoi drochúsáid i gcoinne ball d'fhoireann na scoile i bhfeidhm go hiomlán sna comhaid a scrúdaíodh. |
| 5 | Tá Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnacht Riosca ullmhaithe i gcomhréir le teimpléad agus riachtanais na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*. | 10 | Cáilíocht do phleanáil agus d'fhorfheidhmiú an churaclaim Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus an clár *Bí Sábháilte* i mbunscoileanna agus an churaclaim OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) in iar-bhunscoileanna a léiríodh i rith na cigireachta. |

5 Tugann Aguisín 1 soiléiriú maidir le soláthar tuairiscí maoirseachta maidir le cosaint leanaí sna hIonaid Oideachais (Ionaid Ógtheagmhála)

6 I scoileanna faoin BOO, tuairiscíonn PF an BOO go dtuigeann sé a chuid dualgas maidir le gach fostaí scoile a sheiceáil agus go bhfuil na dualgais seo á gcomhlíonadh.

7 Sna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* , baintear úsáid as an téarma 'pearsanra scoile' mar théarma aicmeach do gach cineál duine fásta atá bainteach le feidhmiú na scoile. Clúdaíonn sé fostaithe agus oibrithe deonacha, agus baill de chumann na dtuismitheoirí nuair a bhíonn siad ag obair sa scoil.

Tá na príomhsheiceálacha roinnte arís i roinnt fo-sheiceálacha. Is éard atá sna fo-sheiceálacha seo ná na sainghníomhaíochtaí ar gá do scoileanna tabhairt fúthu ionas gur féidir leo a bheith lán-chomhlíontach leis an bpríomhsheiceáil. Cuireann na fo-sheiceálacha a bhaineann le gach príomhsheiceáil ar chumas an chigire teacht ar bhreithmheas maidir lena mhéid agus atá an scoil i gcomhlíontacht leis an bpríomhsheiceáil. Tá na fo-sheiceálacha do gach príomhsheiceáil leagtha amach thíos.

Baineann **seiceáil a haon** leis an mbealach ina ndéanann an scoil na gnéithe éagsúla dá nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí a chur in iúl do phobal na scoile agus go deimhin don mhórphobal. Cludaíonn na fo-sheiceálacha ainm Duine Idirchaidrimh Ainmnithe na scoile, nó DIA, mar aon leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith ar taispeáint in aice le príomhdhoras na scoile. Clúdaítear freisin an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a sholáthar do raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear tuismitheoirí agus an pátrún agus foilsiú an ráitis ar láithreán gréasáin na scoile, más cuí. Caithfidh scoileanna a chur in iúl do na páirtithe leasmhara seo nuair a bhíonn athbhreithniú tarlaithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, agus fiosraíonn na fo-sheiceálacha é seo freisin.

| **Seiceáil 1** | **Fo-sheiceálacha** |
|---|---|
| Tá an scoil tar éis na gnéithe is gá de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* **a chur in iúl** do na páirtithe leasmhara ábhartha. | Tá ainm an DIA léirithe go sonrach in aice le príomhdhoras/ ionad fáilte na scoile |
| | Tá an ráiteas maidir le cumhdach leanaí ar taispeáint in ionad suntasach in aice le príomhdhoras na scoile |
| | Tá an measúnacht riosca ar taispeáint leis an ráiteas um chumhdach leanaí |
| | Cuireadh cóip den ráiteas um chumhdach leanaí ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile |
| | Tá socruithe i bhfeidhm ag an scoil chun cóip den ráiteas um chumhdach leanaí a chur ar fáil do thuismitheoirí má iarrtar |
| | Cuireadh cóip den ráiteas um chumhdach leanaí ar fáil don phátrún |
| | Cuireadh cóip den ráiteas um chumhdach leanaí ar fáil do chumann na dtuismitheoirí |
| | Foilsíodh cóip den ráiteas um chumhdach leanaí ar shuíomh idirlín na scoile |
| | Cuirtear in iúl do lucht foirne na scoile nuair a bhíonn athbhreithniú ar an ráiteas um chumhdach leanaí curtha i gcrích |
| | Cuirtear fógra scríofa go bhfuil athbhreithniú ar an ráiteas um chumhdach leanaí curtha i gcrích ar fáil do chumann na dtuismitheoirí (muna mbíonn cumann tuismitheoirí ann, cuirtear in iúl do na tuismitheoirí) |
| | Cuirtear fógra go bhfuil athbhreithniú ar ráiteas um chumhdach leanaí curtha i gcrích ar láithreán gréasáin na scoile |

Baineann **seiceáil a dó** leis an riachtanas Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, nó DIA, agus Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, nó Leas-DIA, a cheapadh. Scrúdaíonn na fo-sheiceálacha seo an bhfuil an DIA agus an leas-DIA ainmnithe i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na Scoile agus más baill lánaimseartha reatha den fhoireann teagaisc iad na daoine sin. Fiosraíonn na fo-sheiceálacha freisin maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm ag an scoil chun an príomhoide a choimeád ar an eolas faoi ghnóthaí a bhaineann le cosaint leanaí má tharlaíonn nach é/í an DIA.

| Seiceáil 2 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| **Ceapadh Duine Idirchaidrimh Ainmnithe** (DIA) agus **Leas-DIA** de réir riachtanas na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).* | Tá an DIA agus an leas-DIA ainmnithe i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na Scoile. |
| | Is baill lánaimseartha den fhoireann teagaisc, faoi láthair, iad an DIA agus an Leas-DIA atá cláraithe |
| | Más rud é nach é/í an príomhoide an DIA tá socruithe i bhfeidhm ag údarás na scoile chun a dheimhniú go gcoimeádann an DIA an príomhoide ar an eolas go cuí faoi ghnóthaí a bhaineann le cosaint leanaí. |

Baineann **seiceáil a trí** le freagracht an bhoird eolas agus oiliúint chuí a sholáthar do phearsana scoile ar chosaint leanaí. Maidir leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA), tá freagracht ar an mbord a dheimhniú go mbíonn sé/sí eolasach go cuí ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí (athbhreithnithe 2023) chun a chur ar a c(h)umas a ról a chomhlíonadh. Ba chóir don bhord socruithe a chur i bhfeidhm freisin chun oiliúint a sholáthar don DIA, de réir mar is gá. Tá an dualgas ar an mbord freisin a dheimhniú gur féidir leis an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (L-DIA) ról an DIA a chomhlíonadh de réir mar is gá. Déanann na chéad trí seiceálacha iniúchadh ar chomhlíontacht na ndualgas ag an mbord. Caithfidh an bord a dheimhniú go mbíonn baill uile an bhoird bhainistíochta ar an eolas faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí (athbhreithnithe 2023). Fiosraíonn na fo-sheiceálacha dá réir sin socruithe an bhoird chun eolas faoi chosaint leanaí a sholáthar do phearsana scoile agus do bhaill an bhoird. Fiosraíonn na fo-sheiceálacha freisin faoin bhfeasacht atá ag na pearsanra ar na dualgais a bhíonn ar dhuine faoi shainordú agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh acu má bhíonn ábhair imní acu maidir le cosaint leanaí.

| Seiceáil 3 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| Tuairiscíonn an bord bainistíochta go dtuigeann sé, agus go gcomhlíonann sé, a chuid dualgas maidir le h**eolas** ar chosaint leanaí a sholáthar do bhaill d'fhoireann na scoile uile agus go gcinntíonn sé go gcuirtear **oiliúin**t, de réir mar is gá, ar roinnt nó ar gach ball foirne sa scoil. | Tá próiseas i bhfeidhm ag an mbord bainistíochta lena dheimhniú go bhfuil an DIA ar an eolas mar is cuí faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* chun a chur ar a c(h)umas a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh |
| | Tá socruithe i bhfeidhm chun go bhféadfaidh an leas-DIA glacadh go héifeachtach lena f(h)reagrachtaí i neamhláithreacht an DIA agus le háirithiú go bhféadfaidh an leas-DIA rochtain a fháil ar thaifid ábhartha nuair is gá |
| | Tá socruithe i bhfeidhm ag an mbord bainistíochta lena dheimhniú go bhfuil an t-eolas is gá ag gach ball d'fhoireann na scoile ar na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* chun a chur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh |
| | Bhí gach múinteoir cláraithe ar cuireadh agallamh orthu le linn na cigireachta, mar chuid den agallamh le ball d'fhoireann na scoile, eolach faoina gcuid dualgas mar dhuine faoi shainordú |
| | Bhí gach ball d'fhoireann na scoile ar cuireadh agallamh orthu le linn na cigireachta, mar chuid den agallamh le baill d'fhoireann na scoile, ar an eolas faoin mbeart atá le déanamh má fhaightear líomhain nó má bhítear den tuairim go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí ag tarlú do leanbh, nó go bhfuil an leanbh i mbaol mí-úsáide nó faille |
| | Tá próiseas i bhfeidhm ag an mbord bainistíochta lena dheimhniú go bhfuil an t-eolas is gá ar na Nósanna *Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ag gach ball den bhord bainistíochta chun a chur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh |

Baineann **seiceáil a ceathair** le freagracht an bhoird maidir le gach fostaí scoile a sheiceáil. Díríonn na fo-sheiceálacha ar a dheimhniú má tá an príomhoide agus an cathaoirleach araon ar an eolas maidir lena gcuid dualgas i leith na seiceála, trí dheimhniú ar seo a fháil ó bhéal agus i scríbhinn. Sa bhfo-sheiceáil deiridh lorgaítear deimhniú go mbíonn seiceáil déanta ar gach fostaí den bhord bainistíochta.

| Seiceáil 4 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| Tuairiscíonn an bord bainistíochta[8] go dtuigeann sé a chuid **dualgas** maidir le gach den de phearsana na scoile **a sheiceáil** agus go bhfuil na dualgais sin á gcomhlíonadh. | Tuairiscíonn cathaoirleach an bhoird bhainistíochta agus an príomhoide, ó bhéal, go bhfuil an bord ar an eolas faoi na dualgais atá orthu maidir le seiceáil gach ball d'fhoireann na scoile agus go gcomhlíonann siad na dualgais seo |
| | Síníonn cathaoirleach an bhoird bhainistíochta agus an príomhoide an dearbhú go bhfuil an bord ar an eolas faoi na dualgais atá orthu maidir le seiceáil gach ball d'fhoireann na scoile agus go gcomhlíonann siad na dualgais seo. |
| | Deimhníonn cathaoirleach an bhoird bhainistíochta agus an príomhoide go bhfuil seiceáil déanta ar gach fostaí den bhord bainistíochta |

[8] Do scoileanna faoin BOO cuirtear an PF den BOO in áit an chathaoirligh i ngach fo-sheic

Baineann **seiceáil a cúig** leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus le measúnacht riosca. Deimhníonn na fo-sheiceálacha má tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus an measúnacht riosca ullmhaithe de réir na dteimpléad atá curtha ar fáil ag an Roinn. Deimhníonn na fo-sheiceálacha freisin má dhéantar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú go bliantúil, má choimeádtar taifead den athbhreithniú agus má chuirtear na gníomhaíochtaí a mholtar san athbhreithniú i bhfeidhm. Maidir leis an measúnacht riosca, fiosraíonn na fo-sheiceálacha freisin má tá polasaithe, nósanna imeachta agus réamhchúraim i bhfeidhm chun an riosca dochair a íoslaghdú.

| Seiceáil 5 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| Tá **Ráiteas um Chumhdach Leanaí** agus **Measúnacht Riosca** ullmhaithe i gcomhréir le teimpléad agus riachtanais na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*. | Tá an ráiteas maidir le cumhdach leanaí i bhformáid teimpléid atá foilsithe ag an Roinn. |
| | Déantar an ráiteas maidir le cumhdach leanaí a athbhreithniú go bliantúil |
| | Tá taifead den athbhreithniú agus den toradh a bhí air coimeádta ag an mbord |
| | I réimsí ar bith a shonraítear leis an athbhreithniú ar an ráiteas um chumhdach leanaí go bhfuil feabhas ag teastáil, tá plean aicsin curtha ar bun ag an scoil chun go ndéileálfar leo |
| | Tá measúnacht riosca, a chuireann san áireamh comhthéacs na scoile, déanta bunaithe ar an teimpléad a cuireadh ar fáil leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* |
| | Tá sé luaite go sonrach ag an scoil, sa mheasúnacht riosca, na polasaithe agus nósanna imeachta cuí atá i bhfeidhm chun rioscaí díobhála a íoslaghdú trí fhreagairt do rioscaí féideartha |

Baineann **seiceáil a sé** le Tuairisc um Mhaoirsiú ar Chosaint Leanaí a sholáthar don bhord bainistíochta. Deimhníonn an chéad dá fho-sheiceáil an bhfuil Tuairisc um Mhaoirsiú ar Chosaint Leanaí curtha ar fáil don bhord agus an bhfuil na cinnteidil is gá ann. Fiosraíonn an tríú agus an ceathrú seiceáil na doiciméid a chuirtear ar fáil don bhord nuair a bhíonn rud ar leith bainteach le cosaint leanaí i gceist. Sa bhfo-sheiceáil deiridh fiosraítear miontuairiscí an bhoird lena fháil amach an mbaintear úsáid as aitheantóirí uathúla chun tagairt do na daoine aonair a bhíonn sa chás. Tugann Aguisín 1 soiléiriú maidir le soláthar tuairiscí maoirseachta maidir le cosaint leanaí sna hIonaid Oideachais (Ionaid Ógtheagmhála)

| Seiceáil 6 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| Rinneadh na **miontuairiscí ó chruinnithe an bhoird** a sheiceáil agus bhí taifead iontu ar an **maoirsiú ar chosaint leanaí** a bhí de réir riachtanas na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* | Ag gach cruinniú den bhord bainistíochta a tionóladh tá fáil ar thuairisc don mhaoirseacht ar chosaint leanaí |
| | Tá an ráiteas maidir le cumhdach leanaí lán-chomhlánaithe ar an teimpléad atá curtha ar fáil ag an Roinn nó clúdaítear an t-eolas go léir is ga ann faoi na cinnteidil go léir ar an teimpleád |
| | Má bhí cásanna faoil alt 9.5 de na nósanna imeachta (ball de bhall na scoile san áireamh) a bhaineann le baill den lucht foirne scoile, cuireadh na doiciméid go léir atá luaite in 9.5.2 de na nósanna imeachta ar fáil don bhord maidir le gach cás dá leithéid |
| | Má bhí cásanna faoi alt 9.6 de na nósanna imeachta (nach mbaineann le pearsana na scoile) ann, cuireadh na doiciméid go léir atá luaite i gcodanna 9.6.2 de na nósanna imeachta ar fáil don bhord maidir le gach cás dá leithéid |
| | Má bhí cásanna faoi alt 9.7 de na nósanna imeachta (a d’eascair ó líomhain faoi iompar bulaíochta) cuireadh na doiciméid go léir atá luaite i gcodanna 9.7.2 de na nósanna imeachta ar fáil don bhord maidir le gach cás dá leithéid |
| | Baineann miontuairiscí cruinnithe an bhoird úsáid as aitheantóirí uathúla chun tagairt do pháirtithe ar leith, leanaí san áireamh, agus ní chláraítear ainmneacha na ndaoine |

Baineann **seiceáil a seacht** le nósanna imeachta na scoile maidir le taifid a choinneáil agus, go sonrach, an bhfuil cód bunaidh ag an scoil do gach ábhar imní, coimeádta in áit shlán agus ar féidir leis an Leas-DIA iad a rochtain, más gá, má fhiosraíonn aon duine maidir le húsáid na n-uimhreacha aitheantais uathúla chun tagairt do pháirtithe ábhartha.

| Seiceáil 7 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| Fuarthas nósanna imeachta cuí maidir le **taifid a choimeád** sna cásanna um chosaint leanaí a scrúdaíodh. | Tá comhad cruachóip ar fáil do gach ábhar imní faoi chosaint leanaí ina bhfuil taifid bhunaidh, taifid neamhfholaithe den ábhar imní agus gach comhfhreagras ábhartha faoin ábhar imní. |
| | Tugtar aitheantóir uathúil nó sraithuimhir sna comhaid do gach duine dá dtagraítear[9] |
| | Coimeádtar na comhaid uile a bhaineann le cosaint leanaí in áit shlán |
| | Tá an Leas-DIA ar an eolas faoin áit ina bhfuil na comhaid ar chosaint leanaí agus is féidir leis/léi iad a rochtain nuair is gá |

[9] Sa chomhthéacs seo, is ionann "páirtithe" agus aon pháirtí, dá nochtfaí a n-aitheantas, go bhféadfadh leanbh a bheith aitheanta nó go bhféadfadh duine a bhfuil líomhain déanta ina leith a bheith aitheanta.

Baineann **seiceáil a hocht** le fiosrú faoi nósanna imeachta na scoile maidir le tuairisciú ar líomhaintí drochúsáide. Fiosraíonn an chéad dá sheiceáil faoi na nósanna imeachta a bhaineann le gach cineál ábhar imní. Fiosraíonn an chéad dá fo-sheiceálacha eile faoi na nósanna imeachta maidir le hábhair imní a tuairiscíodh do Tusla. Breathnaíonn fo-sheiceálacha a cúig, a sé agus a seacht go sonrach ar na nósanna imeachta maidir le hábhair imní nuair a lorgaíodh comhairle ó Tusla agus baineann an fo-sheiceáil an fo-sheiceáil deiridh le hábhair imní nár tuairiscíodh go Tusla.

| Seiceáil 8 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| Cuireadh na **nósanna imeachta** maidir le **líomhaintí drochúsáide** a thuairisciú i bhfeidhm go hiomlán sna taifid a scrúdaíodh. | Tá taifead scríofa ón DIA faoin tslí ina bhfuil an t-ábhar imní a cuireadh faoina b(h)ráid coimeádta ar an gcomhad ábhartha maidir le gach ábhar imní faoi fhoghlaimoeirí sa scoil |
| | Tá cóip den tuairisc a cuireadh chuig Tusla ar fáil do gach ábhar imní a tuairiscíodh do Tusla |
| | Tá taifead ar aon ghníomhaíocht bhreise a rinne an DIA agus ar aon chumarsáid bhreise le Tusla, An Garda Síochana nó le haon pháirtithe eile maidir le gach ábhar imní a tuairiscíodh do Tusla |
| | Tá taifead ar an eolas a chuir an DIA in iúl do thuismitheoir/chúramóir an linbh ar a bhfuil an tuairisc á dhéanamh go Tusla nó tuairisc ar an gcinneadh a rinne an DIA gan a chur in iúl don tuismitheoir/chúramóir agus na cúiseanna a bhain leis sin |
| | Tá taifead ar aon chomhairliúchán le Tusla, ina bhfuil an dáta, ainm oifigeach Tusla agus an chomhairle a tugadh ar fáil do gach ábhar imní ina ndearnadh comhairle a lorg ó Tusla agus fianaise gur cuireadh tuairisc chuig Tusla má mhol Tusla go ndéanfaí a leithéid |
| | Tá taifead gur cuireadh an múinteoir cláraithe[10] ar an eolas go raibh comhairle á lorg do gach ábhar imní ina ndearnadh comhairle a lorg ó Tusla |
| | Tá taifead gur cuireadh an chomhairle a fuarthas ar fáil don mhúinteoir cláraithe agus go bhfuil a leithéid ar fáil do gach ábhar imní ina ndearnadh comhairle a lorg ó Tusla |
| | Tá taifead de ráiteas soiléir i scríbhinn a cuireadh ar fáil don bhall foirne maidir leis na cúiseanna nach bhfuil an t-ábhar imní á thuairisciú agus gur comhairlíodh don bhall foirne gur féidir leis/léi fós an t-ábhar a thuairisciú do Tusla maidir le gach ábhar imní nár tuairscíodh do Tusla |

[10] Cuirtear an fo-seic seo agus an chéad ceann eile i bhfeidhm nuair a cuireann múinteoir cláraithe an t-ábhar imní faoi bhráid an DIA

Baineann **seiceáil a naoi** le nósanna imeachta na scoile maidir le líomhaintí mí-úsáide i gcoinne baill den fhoireann scoile. Sna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023),* baintear úsáid as an téarma 'pearsanra scoile' mar théarma aicmeach do gach cineál duine fásta atá bainteach le feidhmiú na scoile. Clúdaíonn sé fostaithe agus oibrithe deonacha, agus baill de chumann na dtuismitheoirí nuair a bhíonn siad ag obair sa scoil. Baineann na chéad cheithre fo-sheiceálacha le líomhaintí i gcoinne baill d'fhoireann na scoile. Baineann an cúigiú fo-sheiceáil leis na nósanna imeachta más ó thuismitheoir a tháinig an líomhain. Fiosraíonn fo-sheiceálacha a sé, seacht agus a hocht maidir le nósanna imeachta na scoile chun plé le líomhaintí i gcoinne an DIA. Fiosraíonn na fo-sheiceálacha deiridh faoi na nósanna imeachta a ghlacann an scoil maidir le líomhaintí i gcoinne fostóir scoile nó ball den bhord.

| Seiceáil 9 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| Cuireadh na nósanna imeachta maidir le **tuairisciú** ar **líomhaintí drochúsáide nó hamhras faoi drochúsáid** i gcoinne **phearsanra na scoile**[11] i bhfeidhm go hiomlán sna comhaid a scrúdaíodh | Taifead scríofa ón DIA faoin tslí ina bhfuair sé/sí eolas faoin dlíomhain i ngach cás ina ndearnadh líomhain i gcoinne ball d'fhoireann na scoile |
| | Taifead gur cuireadh in iúl d'fhostóir na scoile i ngach cás ina ndearnadh líomhain i gcoinne ball d'fhoireann na scoile |
| | Taifead go ndearna an DIA comhairle a lorg ó Tusla nó gur thuairiscigh an fostóir do Tusla i ngach cás ina ndearnadh líomhain i gcoinne ball d'fhoireann na scoile |
| | Taifead go ndearna an DIA tuairisc do Tusla nuair a chomhlairigh Tusla gur choir tuairisc a dhéanamh |
| | Taifead de chóip de chomhfhreagras an DIA faoi mír 5.6 de na nósanna imeachta seo, leis an tuismitheoir ag cur in iul dó/di ar tuairiscíodh nó nár tuairiscíodh a (h)ábhar imní go Tusla, agus munar tuairiscíodh na cúiseanna leis sin más i gcoinne ball d'fhoireann na scoile a rinne an tuismitheoir an líomhain |
| | Taifead gur ghlac cathaoirleach an bhoird bhainistíochta/Príomhfheidhmeannach an BOO ról an DIA maidir le tuairisciú ar an ngnó más i gcoinne an DIA a rinneadh an líomhain |
| | Taifead go bhfuil an fostóir scoile tar éis comhairle a lorg nó tuairisc a dhéanamh go Tusla más i gcoinne an DIA a rinneadh an líomhain |
| | Taifead gur cuireadh Tusla ar an eolas go ndearnadh prótacal na scoile a chur i bhfeidhm láithreach agus/nó go bhfuil an fostaí curtha go foirmiúil ar neamhláithreacht riaracháin |
| | Taifead a léiríonn go ndearna an DIA comhairle a lorg nó go ndearna sé/sí tuairisc go Tusla más i gcoinne ball den bhord a rinneadh an líomhain |
| | Taifead go ndearna an DIA líomhain i gcoinne ball den bhord a thuairisciú do Tusla nuair a chomhlairigh Tusla gur chóir don DIA a leithéid a dhéanamh |
| | Taifead gur chuir an bord in iúl don phátrún más i gcoinne ball den bhord a rinneadh an líomhain |

[11] Clúdaíonn pearsanra, mar shampla, múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, feighlithe, rúnaithe, glantóirí, oibrithe deonacha sa scoil, teagascóirí a íoctar nó a bhíonn ag obair go deonach, baill de chumann na dtuismitheoirí a bhíonn ag cabhrú le hobair na scoile.

Baineann **seiceáil a deich** le cáilíocht an tsoláthair ag scoileanna do ghnéithe sainordaithe an churaclaim. Ag an mbunleibhéal is iad seo an tOideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus an Clár Bí Sábháilte agus ag an iar-bhunleibhéal is iad seo OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Díríonn an chéad dá sheiceáil ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ar a fháil amach an bhfuil na cláir riachtanacha á sholáthar ag scoileanna. Fiosraíonn na fo-sheiceálacha ina dhiaidh sin ansin an bhfuil an scoil agus na múinteoirí ag pleanáil go cuí d'fhorfheidhmiú na gclár seo mar aon le tuiscint na bhfoghlaimeoirí ar raon de phríomhthopaicí an chláir.

| Seiceáil 10 | Fo-sheiceálacha |
|---|---|
| Cáilíocht do phleanáil agus d'fhorfheidhmiú an churaclaim **Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)** agus an clár ***Bí Sábháilte*** i mbunscoileanna agus an churaclaim **OSPS** agus **Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)** in iar-bhunscoileanna a léiríodh i rith na cigireachta. | Tá Clár Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte ann do gach leanbh sa scoil (Bunleibhéal) |
| | Cuirtear an Clár Bí Sábháilte i bhfeidhm sa scoil (Bunleibhéal) |
| | Tá Clár Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte ann do gach leanbh sa tSraith Shóisearach (Seiceáil iar-bhunleibhéal) |
| | Tá Clár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ann do gach leanbh sa scoil (Seiceáil iar-bhunleibhéal) |
| | Léiríonn doiciméid a bhaineann le pleananna scoile uile go raibh an scoil tar éis pleanáil go cuí do chur i bhfeidhm an churaclaim OSPS agus an chláir Bí Sábháilte (Bunleibhéal). Léiríonn doiciméid phleanála ábhair an OSPS, dociméid phleanála an chláir OCG agus eolas ar an amchlár go bhfuil an scoil tar éis pleanáil go cuí chun an curaclam OSPS agus an clár OCG a chur i bhfeidhm(Iar-Bhunleibhéal) |
| | Léiríonn doiciméid phleanála an mhúinteora aonair a athbhreithníodh go bhfuil an curaclam OSPS agus an Clár *Bí Sábháilte* á gcur i bhfeidhm go cuí (Bunleibhéal) |
| | Léiríonn caidreamh le scoláirí go bhfuil tuiscint mhaith nó níos fearr ag na scoláirí ar roinnt de phríomhthopaicí an OSPS agus Bí Sábháilte (Bunleibhéal), agus OSPS agus OCG (Iar-Bhunleibhéal) |

## Aguisín1: Soiléiriú maidir le soláthar Tuairiscí Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí sna hIonaid Oideachais (Ionaid Ógtheagmhála)

- Ceaptar bord bainistíochta ar Ionaid Ógtheagmhála áirithe. Sna cásanna sin, ba chóir Tuairisc Maoirseachta ar Chosaint Leanaí a bheith san áireamh i miontuairiscí gach cruinniú den bhord sin.

- I gcásanna eile, is féidir go bhfuil cúram ar bhord amháin as roinnt Ionad Ógtheagmhála. Sna cásanna sin, ba chóir Tuairisc Maoirseachta ar Chosaint Leanaí i gcás gach Ionad Ógtheagmhála atá faoina chúram a bheith san áireamh i miontuairiscí gach cruinniú den bhord sin.

- Mura bhfuil aon chomhordaitheoir iomlán ann le haghaidh Ionaid Ógtheagmhála, mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh sna boird oideachais agus oiliúna is lú, beidh cúram maidir le bainistíocht líne ar an Oifigeach Oideachais Aosach agus cuirfidh an tOifigeach sin tuairisc maoirseachta ar chosaint leanaí ar fáil don Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna. Ba chóir na tuairiscí seo a sholáthar gach trí mhí agus ba chóir don Stiúrthóir BOO taifid dá soláthar a choimeád agus a chur ar fáil don Chigire ar iarratas.